AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN CHATHAIR CHORCAÍ

# 2024










Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

# Brollach le hOifigeach na Roinne

Tá áthas orm Plean Póilíneachta 2024 Roinn Chathair Chorcaí a chur i láthair. Is é seo an tríú plean bliantúil a thógann ar na cuspóirí atá i Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána, 2022-2024. Leis an bplean seo seastar le Prionsabail na gCearta Daonna agus leis na prionsabail inár gCód Eitice. Leagtar amach straitéisí ann chun seirbhís póilíneachta a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais ár bpobal agus chun muintir Chathair Chorcaí a choinneáil sábháilte i rith na bliana.

Tá an cur chuige seo i leith na póilíneachta dírithe ar phobail a chosaint, ar a dhul i ngleic leis an gcoireacht agus ar an bpóilíneacht choisctheach, agus ar thacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus daoine leochaileacha inár sochaí, agus slándáil Stát na hÉireann a chosaint. Feabhsófar an cur chuige seo trí ráiteas misin an Gharda Síochána maidir le "Daoine a Choimeád Sábháilte" a athdhearbhú i ngach caidreamh a dhéantar leis na daoine agus leis na pobail. Maidir leis an rath ar baineadh amach go dtí seo, rinneadh é sin trí chomhpháirtíochtaí láidre oibre a fhorbairt le pobail áitiúla, leis an obair chrua atá déanta ag ár bpearsanra agus trí dhíograis láidir a léiriú chun seirbhís póilíneachta den scoth a sholáthar do roinn Chathair Chorcaí.

Is é an tosaíocht atá agam ná a chinntiú go ndírítear ar gach cineál gníomhaíochta coiriúla, maidir lena gcosc agus lena mbrath, agus tacú le híospartaigh agus leis na daoine siúd sa tsochaí seo againne atá leochaileach. Táim tiomanta do sheirbhís phóilíneachta éifeachtach, ghairmiúil agus eiticiúil a sholáthar do mhuintir Chathair Chorcaí. Déanfaidh mé mo dhícheall an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agam trí thascanna anailíseacha, agus tríd an imscaradh agus oibríochtaí.

Leanann an borradh atá faoin athrú inbhuanaithe agus an nuálaíocht i Roinn Chathair Chorcaí agus chuirfidh sé seo gan dabht lenár dtacaíocht do na Gardaí ar an líne tosaigh agus do dhaoine den phobal. Tacóidh an Garda Síochána le tabhairt isteach na dtionscadal agus na dtionscnamh nua do Roinn Chathair Chorcaí agus cuirfidh sé na tionscadail agus na tionscnaimh sin chun cinn agus cuirfear i dtábhacht leis ár dtiomantas chun seirbhís póilíneachta den scoth a sholáthar.

Trí thiomantas fhoireann mo roinnse, agus le tacaíocht agus comhoibriú na bpobal a bhfreastalaímid orthu, creidim go láidir go mbainfimid ár spriocanna amach agus go soláthróimid timpeallacht shábháilte chun cónaí agus obair ann, agus chun cuairt a thabhairt uirthi, mar aon le seirbhís póilíneachta éifeachtach chuimsitheach don phobal.

***Tom Myers***
**Ard-Cheannfort**
**Rannán Chathair Chorcaí**

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **Rannpháirtíocht sa Phobal, Lár Chathair Chorcaí<br><br>An Ceannfort John Deasy** | Sráid Anglesea | 24/7 | 021 4522000 |
| | An Smachtlann | 24/7 | 021 4943330 |
| | An Charraig Dhubh | Luan go Satharn: 12.00 - 17.00 uair<br>(Faoi réir fáil a bheith air) | 021 4536690 |
| **Rannpháirtíocht sa Phobal, Cathair Chorcaí Thuaidh<br><br>An Ceannfort Declan O'Sullivan** | Baile na mBocht | 24/7 | 021 4558510 |
| | Garrán na mBráthar | 24/7 | 021 4946200 |
| | Bóthar Chúrsa an Uisce | Luain go hAoine: 9am – 3pm<br>(Faoi réir fáil a bheith air) | 021 4558260 |
| | An Bhlarna | Luain go hAoine: 9am – 4pm<br>(Faoi réir fáil a bheith air)<br>Fógraítear é go háitiúil gach seachtain. | 021 4516290 |
| | Gleann Maghair | Athraíonn na hAmanna<br>Fógraítear é go háitiúil gach seachtain | 021 4556370 |
| | Carraig na bhFear | | 021 4884222 |
| **Rannpháirtíocht sa Phobal, Cathair Chorcaí Theas<br><br>An Ceannfort Finbarr O'Sullivan** | An Tóchar | 24/7 | 021 4947120 |
| | Carraig Uí Leighin | Luan – Domhnach: 17.00 – 19.00 uair<br>(Faoi réir fáil a bheith air) | 021 4919370 |
| | Dúglas | Athraíonn na hAmanna<br>Faoi réir fáil a bheith air | 021 4857670 |
| | Baile an Chollaigh | Athraíonn na hAmanna<br>Faoi réir fáil a bheith air | 021 4214680 |
| | Baile an Easpaig | Athraíonn na hAmanna<br>Faoi réir fáil a bheith air | 021 4624500 |
| | An Pasáiste | Athraíonn na hAmanna<br>Faoi réir fáil a bheith air | 021 4841001 |
| | Bun an Tábhairne | Athraíonn na hAmanna<br>Faoi réir fáil a bheith air | 021 4831222 |
| **Coireacht<br>An Bleachtaire Ceannfoirt Michael Comyns** | Sráid Anglesea | | 021 4522020 |
| **Dearbhú Feidhmíochta An Ceannfort Annette Browne** | Garrán na mBráthar | Luain – Aoine<br>09.00hrs – 17.00hrs | 021 4946200 |
| **Seirbhísí Gnó<br>An tUasal Liam Hallihan, Príomhoifigeach Cúnta** | Sráid Anglesea | Luain – Aoine<br>09.00hrs – 17.00hrs | 021 4522017 |
| Is féidir **Oifigigh éagsúlachta** don Rannán a aimsiú anseo. | | | |
| Is féidir oifigigh um **Chosc ar Choireanna** don Rannán a aimsiú anseo. | | | |
| Is féidir cigirí um **imeaglú a bhaineann le drugaí** don Rannán a aimsiú anseo. | | | |

# 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | Teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla agus le geallsealbhóirí chun aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail agus chun freagairt chuí a sholáthar ar an imeaglú a bhaineann le drugaí. |
| 1.2 Plé a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Leanfar le tacaíocht a chur ar fáil do phobail mhionlaigh agus éagsúlachta laistigh den rannán chun muinín sa Gharda Síochána a chinntiú ann |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Cruinnithe d'Fhóraim um Shábháilteacht | | Teagmháil le geallsealbhóirí pobail | |
| Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta | | Teagmháil le hImeachtaí don Ógra | |
| Freastal ar chruinnithe Faire Comharsanachta | | Teagasc i Scoileanna agus cláir feasachta | |
| Freastal ar chruinnithe Scéim Faire an Gharda Síochána agus ar sheisiúin teagmhála dá cuid le gnólachtaí áitiúla | | Teagmháil le comhpháirtithe pobail a thacaíonn le héagsúlacht | |

## 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn | Cur chuige póilíneachta atá faisnéis-láraithe, lena réamh-mheastar agus lena bhfreagraítear do choireanna ag gach leibhéal, ag baint an leas is fearr is féidir as na hacmhainní atá ar fáil. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe | Oibríochtaí tráthúla sofhreagracha a chur i bhfeidhm chun coireanna atá ag teacht chun cinn agus coireanna leanúnacha araon a chosc agus a bhrath |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil agus oibríochtaí déanta | |
| Feasacht ar Chineálacha Calaoise agus Cibearchoireachta | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Patróil & Seicphointí Ard-fheiceálacha | |
| Cumas feabhsaithe chun déileáil le Calaois agus coireacht chibear-chumasaithe | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Comhairle um Chosc ar Choireacht agus Feasacht arna Scaipeadh | |
| Méadú ar an acmhainn don phóilíniú choisctheach | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Feasacht ar Bhearta Coiscthe Coireachta | |
| An muinín sa Gharda Síochána a mhéadú | |

# 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne | Sábháilteacht agus tacaíocht d'íospartaigh i gcroílár na póilíneachta. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Bóithre níos sábháilte do phobail áitiúla agus méadú ar oideachas agus feasacht tiománaithe |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Glaonna ar ais i leith Foréigean Baile déanta | |
| Litreacha Íospartaigh agus faisnéis d'íospartaigh curtha ar fáil | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Tacaíocht a thabhairt do Gach uile Íospartach | |
| Cosaint agus tacaíocht d'íospartaigh na Drochúsáide Baile | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teachtaireacht um an tSábháilteacht ar Bhóithre curtha chun cinn | PRESS |
| Oideachas agus Feasacht Tiománaithe | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Imbhuailtí Tráchta | |
| Méadú ar fhorfheidhmiú agus oibríochtaí | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Monatóireacht leanúnach ar bhagairtí don tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Slándáil an Stáit a chosaint |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí ilghníomhaireachta faisnéis-láraithe. | Bagairtí féideartha agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint go réamhghníomhach, cur isteach orthu agus cosc a chur orthu. |
| Sprioc Rannáin 4.3 Feabhas a chur ar ár gcomhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta le haghaidh mór-éigeandála. | Cleachtaí móréigeandála idirghníomhaireachta a dhéanamh ag láithreacha agus infrastruchtúir iomchuí. |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh | Tá athruithe marthanacha á gcur i bhfeidhm san eagraíocht. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Tacú le hinbhuanaitheacht comhshaoil sa Phóilíneacht |

## Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról | Tá an oiliúint agus an t-eolas cuí ag pearsanra le go n-éireoidh leo ina ról. |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm | Tá tacaíochtaí don fholláine agus don chothromaíocht chun tosaigh i rannán Chathair Chorcaí. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte | Teagmháil dhearfach leanúnach leis na comhpháirtithe go léir chun an phóilíneacht a fheabhsú. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú | Neartaítear comhoibriú trasna earnálacha chun an phóilíneacht a fheabhsú. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe | Seirbhís éifeachtach póilíneachta a sholáthar tríd an rannpháirtíocht leis an bpobal. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána | Tacaíocht leanúnach do phearsanra i Rannán Chathair Chorcaí |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú | Leanfar le póilíneacht ghairmiúil agus eiticiúil i Rannán Chathair Chorcaí. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach | Próisis neartaithe sa rannóg chun tacú le póilíneacht. |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024 | Teicneolaíocht fheabhsaithe TFC agus tacaíocht don phóilíniú. |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Muinín níos fearr as an mbailiú Sonraí agus cáilíocht na póilíneachta. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Cineál Tacaíochta | Ainm | Fón | Ríomhphost |
|---|---|---|---|
| **Eolas d'Íospartaigh Foréigean Baile, Fir & Mná** | OSS Chorcaí | 1800 497497 | osscork@gmail.com |
| **Tacaíochtaí d'Íospartaigh Coireanna Gnéis** | Ionad Foréigean Gnéis Chorcaí | 1800 496496 | info@sexualviolence.ie |
| **Ag Tacú le hÍospartaigh Bhaineanna den Fhoréigean Baile** | An tionscadal Mná Feasa um fhoréigean baile baineann | 021 4211757 | mnafeasa@gmail.com |
| **Líne Chabhrach d'Íospartaigh** | Líne chabhrach d'íospartaigh na coireachta | 116006 nó Téacs 085 1337711 | info@victimshelpline.ie |
| **Soláthraíonn sé Cabhair d'Íospartaigh Coireanna is Turasóirí** | Seirbhís cúnaimh na hÉireann do thurasóirí | 1890 365700 01-6669354 | info@itas.ie |
| **Tacaíonn sé le hÍospartaigh Fireanna den Fhoréigean Baile** | Amen | 046 9023718 | info@amen.ie |
| **Tacaíocht do theaghlaigh Daoine ar Iarraidh** | www.missingpersons.ie | 1890 442552 | info@missingpersons.ie |
| **Comhairleoireacht d'Íospartaigh na Coireachta i gCeantair Thuaithe** | Muintir na tíre | 062 51163 | info@muintir.ie |
| **Tacaíocht d'Íospartaigh Mí-úsáide Gnéis agus Foréigin** | 'One in four' | 01 6624070 | info@oneinfour.ie |
| **Cuireann sé an t-aosú dearfach chun cinn & tacaíonn sé le hÍospartaigh scothaosta.** | Aoisghníomhaíocht Chorcaí | 021 2067399 | AAC@ageaction.ie |
| **An Tacaíocht d'Íospartaigh an Éignithe** | An líonra éigeandála éignithe | 091 563676 | info@rcni.ie |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cúirt Dlí Teaghlaigh** | Na cúirteanna dlí teaghlaigh | 021 4805600 | www.courts.ie Corkwashingtonstreet@courts.ie |
| **Comhairle Dlí** | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 1890 615200 | www.legalaidboard.ie |
| **Faisnéis do Shaoránaigh** | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 0761 076950 | www.citizensinformation.ie |
| **MABS** | An tseirbhís bhuiséadta agus chomhairle airgid | 0761072000 | www.mabs.ie |

# Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

AN GARDA SÍOCHÁNA